Comhairle an
Aontais Eorpaigh

**An Bhruiséil, 25 Márta 2026**
**(OR. en)**

**7460/26**

**SOC 166**
**EMPL 75**
**EDUC 92**

**NÓTA MAIDIR LE MÍR "I/A"**

| | |
|---|---|
| ó: | Ardrúnaíocht na Comhairle |
| chuig: | Coiste na mBuanionadaithe/An Chomhairle |
| Ábhar: | Bord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna – Ceapachán Carsten SKAERBAEK LETH, comhalta malartach thar ceann na Danmhairge, in ionad Torben SCHUSTER, atá éirithe as oifig<br>– *Glacadh* |

1. Cuireadh in iúl d'Ardrúnaíocht na Comhairle go bhfuil Torben SCHUSTER éirithe as oifig, mar chomhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid thuasluaite i gcatagóir na n-ionadaithe rialtais (thar ceann na Danmhairge).

2. Faoi Airteagal 4 de Rialachán (AE) 2019/128 ó Pharlaimint na hEorpa agus ón gComhairle an 16 Eanáir 2019 lena mbunaítear an Lárionad Eorpach um Fhorbairt na Gairmoiliúna (Cedefop) agus lena n-aisghairtear Rialachán (CEE) Uimh. 337/75 ón gComhairle[1], is í an Chomhairle a cheapann comhaltaí agus comhaltaí malartacha an Bhoird Bainistíochta.

[1] IO L 30, 31.1.2019, lch. 90.

3. I gcomhréir leis an ngnáthnós imeachta, tá Carsten SKAERBAEK LETH ainmnithe ag Rialtas na Danmhairge don suíochán sin ar feadh a bhfuil fágtha den téarma oifige reatha, dar críoch an 31 Márta 2027.

4. Iarrtar ar Choiste na mBuanionadaithe, dá bhrí sin, an méid seo a leanas a mholadh don Chomhairle:

(a) an Cinneadh ón gComhairle lena ndéantar duine a chur in ionad comhalta malartach de Bhord Bainistíochta an Lárionaid Eorpaigh um Fhorbairt na Gairmoiliúna, mar a leagtar amach in 7459/26 é, a ghlacadh mar mhír 'A', agus

(b) an Cinneadh a fhoilsiú, mar fhaisnéis, in *Iris Oifigiúil an Aontais Eorpaigh*.